**Caingean arna tabhairt an 2 Samhain 2022 – Poblacht na Polainne v Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-675/22)**

(2023/C 7/22)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— Rialachán (AE) Uimh. 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás ([1]) a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc;

— mar mhalairt air sin, i gcás ina rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil bunús dlí an Rialacháin atá faoi chonspóid ceart, iarrann Poblacht na Polainne ar an gCúirt Bhreithiúnais Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 2022/1369, atá faoi chonspóid, a chur ar neamhní.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn Poblacht na Polainne na saincheisteanna dlí a leanas i gcoinne Rialachán Uimh. 2022/1369, atá faoi chonspóid:

1. saincheist dlí lena n-éilítear go raibh an bunús dlí leis an rialachán a ghlacadh mícheart agus, dá bharr sin, gur sáraíodh Airteagal 192(2)(c), i gcomhar leis an dara fomhír d’Airteagal 194(2) CFAE a mhéid nár glacadh an Rialachán atá i gceist ar bhonn Airteagal 192(2)(c) CFAE, lena gceanglaítear ar an gComhairle a ghníomhú d’aon toil, in ainneoin go ndéantar difear suntasach leis an Rialachán do rogha Bhallstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh.

   Ar an gcéad dul síos, maíonn an Pholainn saincheist dlí i gcoinne an Rialacháin atá faoi chonspóid lena n-éilítear go bhfuil bunús dlí an rialacháin, eadhon Airteagal 122(1) CFAE, mícheart. Áitíonn an Pholainn go bhfuil sé de phríomhchuspóir leis an Rialachán atá faoi chonspóid difear suntasach a dhéanamh ar na coinníollacha faoina saothraítear foinsí fuinnimh, an rogha idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh. Ós rud é go ndéantar difear suntasach don tsaoirse an meascán fuinnimh a mhúnlú, bhí sé de cheart é a ghlacadh ar bhonn Airteagal 192(2)(c) CFAE, dá dtagraítear leis an dara fomhír d’Airteagal 194(2), is é sin le rá, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta faoina ngníomhaíonn an Chomhairle d’aon toil.

2. saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla trí institiúidí an Aontais a chur de chumhacht lánroghnach maidir le foláireamh Aontais a spreagadh agus gan míniú a thabhairt ar conas a bhainfí cuspóirí an téacs amach leis na bearta sa Rialachán.

3. saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh.

([1]) IO 2022 L 206, lch. 1.